An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Treoirlínte chun tacú leis an measúnú ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de chuid na Sraithe Sinsearaí

Márta 2026

# An Clár Ábhar


AN CLÁR ÁBHAR ........ 2

RÉAMHRÁ ........ 3

MEASÚNÚ DON TEISTIÚCHÁN: FAISNÉIS GHINEARÁLTA ........ 3

Ag bailiú fianaise le haghaidh an mheasúnaithe don teistiúchán ........ 4

TUAIRISCEOIRÍ GNÓTHACHTÁLA ........ 5

Tuairisceoir Gnóthachtála Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 ........ 5

CRITÉIR MHEASÚNAITHE ........ 5

Critéir Mheasúnaithe chun an Tuairisceoir Gnóthachtála a chinneadh: Leibhéal 1 ........ 6

Critéir Mheasúnaithe chun an Tuairisceoir Gnóthachtála a chinneadh: Leibhéal 2 ........ 6

ATHBHREITHNIÚ AR MHEASÚNÚ AGUS FOGHLAIM ........ 7

Bailíochtú Inmheánach ........ 7

Bailíochtú Seachtrach ........ 11

AGUISÍN 1: SONRAÍOCHTAÍ ........ 12

Leibhéal 1 ........ 12

Leibhéal 2 ........ 12

AGUISÍN 2: CONTANAM DUL CHUN CINN DO MHEASÚNÚ LEANÚNACH ........ 14

AGUISÍN 3: GLUAIS TÉARMAÍ ........ 17

AGUISÍN 4: NAISC ÚSÁIDEACHA ........ 18

# Réamhrá

Leis an gcáipéis seo, *Treoirlínte chun tacú leis an measúnú ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de chuid na Sraithe Sinsearaí* soláthraítear:

- Faisnéis ghinearálta maidir leis an measúnú don teistiúchán ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de chuid na Sraithe Sinsearaí.
- Faisnéis ghinearálta maidir le fianaise a bhailiú do Phunann an Scoláire.
- Na Tuairisceoirí Gnóthachtála a úsáidtear chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal gnóthachtála le haghaidh gach réimse curaclaim agus modúil laistigh de Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2.
- Na critéir mheasúnaithe le haghaidh réimsí curaclaim agus modúl laistigh de Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de chuid na Sraithe Sinsearaí.
- Treoir do scoileanna agus múinteoirí maidir le cur chun feidhme an phróisis bailíochtaithe inmheánaigh.
- Treoir do scoileanna agus múinteoirí maidir leis an bpróiseas bailíochtaithe sheachtraigh.

Ba cheart na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar leis an méid seo a leanas:

- Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Ráiteas Cláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, ar ar féidir rochtain a fháil anseo.
- Na sonraíochtaí do réimsí curaclaim agus modúil Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, ar ar féidir rochtain a fháil anseo.
- Aon treoirlínte nó Ciorcláin bhreise atá sainiúil don chlár arna n-eisiúint ag an Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ) nó ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) nó tacaíochtaí breise arna n-eisiúint ag CNCM.

Féadfar na treoirlínte sin a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá le linn na tréimhse cur i bhfeidhm agus athbhreithnithe.

# Measúnú don Teistiúchán: Faisnéis ghinearálta

Tá an measúnú don teistiúchán bunaithe ar thorthaí foghlama a leagtar amach i réimsí curaclaim agus modúil Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 sa tsraith shinsearach (féach Aguisín 1).

Baileofar fianaise na foghlama agus na gnóthachtála do chláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 sa tsraith shinsearach i bpunann. Cuirfidh gach scoláire punann amháin i láthair le haghaidh measúnú don teistiúchán. Sa phunann sin, beidh an fhianaise atá á cur i láthair le haghaidh gach modúil faoina bhfuil an scoláire ag tabhairt.

Beidh an fhoghlaim a aithnítear don teistiúchán ar Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Féadfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) gach modúl faoina dtugann an scoláire a theistiú.

## Ag bailiú fianaise le haghaidh an mheasúnaithe don teistiúchán

Leis an bhfianaise a chuirtear i láthair, ní mór a léiriú gur bhain an scoláire na torthaí foghlama beartaithe amach.[1] Is féidir fianaise ar fhoghlaim agus gnóthachtáil a ghiniúint trí réimse leathan gníomhaíochtaí agus modhanna measúnaithe agus i réimse foirmeacha. Ba cheart cur chuige iomlánaíoch, ina gcuimhnítear ar an bhfoghlaimeoir iomlán agus ar a gcuid cumas sna gníomhaíochtaí measúnaithe, a ghlacadh le haghaidh na réimsí curaclaim agus na modúl. Chun an riosca a bhaineann le rómheasúnú a mhaolú, is féidir fiosrú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus modhanna measúnaithe a chomhtháthú ar fud modúl agus réimsí curaclaim. Ba cheart deiseanna leordhóthanacha a thabhairt do scoláirí chun go nginfear fianaise lena léirítear a gcuid foghlama agus gnóthachtála maidir leis na torthaí foghlama ábhartha.

Déanann an múinteoir fianaise ar fhoghlaim agus gnóthachtáil a ghabháil. Ina theannta sin, uaireanta, is féidir le duine eile seachas an múinteoir fianaise ar fhoghlaim agus gnóthachtáil a ghabháil, go háirithe nuair atá an fhianaise ar fhoghlaim an scoláire á léiriú lasmuigh den seomra ranga. D'fhéadfadh fianaise a bhailiú ó thuismitheoir nó caomhnóir, teiripeoir, cúntóir riachtanas speisialta nó gairmí eile a oibríonn leis an scoláire a bheith i gceist leis sin. Ní mór fianaise ar an bhfoghlaim a bhreathnaigh nó a bhailigh daoine eile a chur ar aghaidh chuig an múinteoir ansin agus a thiomsú sula gcuirtear san áireamh i bpunann an scoláire í.

### Punann an Scoláire

Baileofar an fhianaise ar fhoghlaim agus gnóthachtáil de chuid gach scoláire ar bhonn leanúnach chun punann an scoláire a chruthú. Cuirtear punann an scoláire i dtoll a chéile thar an dá bhliain de chlár foghlama an scoláire. Is féidir le punann a bheith i bhfoirm fhisiciúil, i bhfoirm dhigiteach nó i bhfoirm hibrideach den dá rud. Cé gur féidir punann an scoláire a úsáid le haghaidh measúnú foirmitheach agus suimitheach araon, úsáidfear í go sonrach le haghaidh measúnú suimitheach i ndeireadh a mbliana deiridh, chun críocha teistiúcháin agus tuairisciúcháin

Le punanna, soláthraítear stór do scoláirí d'fhianaise nithiúil ar a gcuid foghlama agus gnóthachtálacha a bhaineann leis na torthaí foghlama beartaithe. Is féidir fianaise ar fhoghlaim agus gnóthachtáil scoláire a bheith sa phunann, i gcás inar féidir gur tharla an fhoghlaim ar bhonn indibhidiúil, i ngrúpa beag nó i suíomh ranga iomláin. Cé gur féidir go dtiocfaidh fianaise áirithe ar fhoghlaim ó obair chomhoibríoch, leis an bhfianaise sa phunann ba cheart foghlaim an scoláire féin a léiriú go soiléir. Le fianaise laistigh de phunann an scoláire, is féidir réimse gnóthachtálacha a chlúdach, lena n-áirítear tascanna praiticiúla, léiriú scileanna, agus gnóthachtálacha pobail nó socrúcháin oibre.

Ar na cineálacha fianaise laistigh de phunann is féidir an méid seo a leanas a áireamh, ach níl sé teoranta dó:

---

[1] Cuirtear na torthaí foghlama i láthair i sonraíochtaí na réimsí curaclaim agus na modúl, ar ar féidir rochtain a fháil anseo agus a liostaítear in Aguisín 1.

- Grianghraif, físeáin nó taifeadtaí fuaime d'obair nó gnéithe ilmheán eile faoinar thug an scoláire nó a léirigh siad
- Grianghraif, físeáin, taifeadtaí d'idirghníomhaíochtaí le múinteoirí, cúntóir riachtanas speisialta, tuismitheoirí nó baill den phobal
- Samplaí oibre, obair scríofa, tascanna gairide
- Obair thionscadail (scríofa agus ar líne)
- Líníochtaí, sceitsí, cairteacha, léaráidí
- Breathnuithe múinteoirí
- Iontráil dialainne ón scoláire, bileoga machnaimh le scoláirí, piarmheasúnuithe

Is féidir tagairt a dhéanamh d'fhianaise freisin trí iontrálacha dialainne ó mhúinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta nó fostóirí mar is ábhartha.

# Tuairisceoirí Gnóthachtála

Déantar measúnú ar bhonn indibhidiúil ar gach modúl faoina dtugann an scoláire agus sanntar tuairisceoir amháin as dhá cheann dóibh, lena léirítear leibhéal gnóthachtála an mhodúil shonraigh sin. Úsáideann múinteoirí na Critéir Mheasúnaithe a leagtar amach ar leathanaigh 7 agus 8 chun an tuairisceoir cuí a chinneadh. Féadfaidh scoláirí teistiúchán a fháil ag ceann de na Tuairisceoirí Gnóthachtála do gach modúl faoina dtugtar.

## Tuairisceoir Gnóthachtála Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Do gach modúl Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 faoina dtugtar, féadfar teistiúchán a bhronnadh ar an scoláire bunaithe ar Thuairisceoir Gnóthachtála amháin as dhá cheann.

*Tábla 1: Tuairisceoirí Gnóthachtála le haghaidh Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de chuid na Sraithe Sinsearaí*

| Tuairisceoirí Gnóthachtála |
|---|
| Gnóthaithe |
| Gnóthaithe le Tuillteanas |

# Critéir Mheasúnaithe

Fónann Critéir Mheasúnaithe mar an bonn chun meastóireacht a dhéanamh ar mhéid gnóthachtála scoláire i ndáil leis na torthaí foghlama beartaithe. Trí thagairt a dhéanamh do na critéir sin, feidhmíonn múinteoirí a mbreithiúnas 'tomhaiste' gairmiúil chun go gcinnfear leibhéal an tuairisceora gnóthachtála lena léirítear feidhmíocht fhoriomlán an scoláire ar an mbealach is cruinne i ngach modúl.

Ba cheart don mhúinteoir tosú leis an leibhéal 'Gnóthaithe' sna Critéir Mheasúnaithe agus leanúint de bheith ag léamh go dtí go sroicheann siad an tuairisceoir is fearr a thagann leis an bhfianaise ar fhoghlaim an scoláire sa mhodúl ar a bhfuil measúnú á dhéanamh do theistiúchán na sraithe sinsearaí.

Ní bhítear ag súil leis go mbainfeadh scoláirí amach gach toradh foghlama i sonraíocht mhodúil. I gcás nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir ba cheart a chur i bhfeidhm, ní mór do mhúinteoirí breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó phunann an scoláire chun an tuairisceoir is fearr a thagann le hobair an scoláire ar an iomlán a roghnú. Trí chur chuige 'na rogha is oiriúnaí' sin, tugtar deis do mhúinteoirí an tuairisceoir, lena ndéantar cur síos 'tomhaiste' ar an obair ar a bhfuil measúnú á dhéanamh, a chur i bhfeidhm.

I gcásanna nár bailíodh fianaise chun foghlaim an scoláire a léiriú le haghaidh modúl cláraithe, ní chuirfear aon tuairisceoir isteach le haghaidh an mhodúil sin.

## Critéir Mheasúnaithe chun an Tuairisceoir Gnóthachtála a chinneadh: Leibhéal 1

Féadfaidh na scoláirí a leanann Clár Foghlama Leibhéal 1 na torthaí foghlama a bhaint amach i dtimpeallacht oibre struchtúrtha agus an méid tacaíochta nó treorach acu lena bhfuil gá ag gach scoláire.

Tar éis gach modúl nó réimse curaclaim a chur i gcrích, déanann an múinteoir breithiúnas gairmiúil, tomhaiste agus na critéir mheasúnaithe seo a leanas á n-úsáid:

**Gnóthaithe**

- Léirigh an scoláire cumas freastal ar na torthaí foghlama.
- Léirigh an scoláire go bhfuil siad inniúil cuid den fhoghlaim ar a ndéantar cur síos laistigh den mhodúl a chur i bhfeidhm.

**Gnóthaithe le Tuillteanas**

- Léirigh an scoláire rannpháirteachas leis na torthaí foghlama.
- Léirigh an scoláire go bhfuil siad inniúil cuid mhór den fhoghlaim ar a ndéantar cur síos laistigh den mhodúl a chur i bhfeidhm.

## Critéir Mheasúnaithe chun an Tuairisceoir Gnóthachtála a chinneadh: Leibhéal 2

Féadfaidh na scoláirí a leanann Clár Foghlama Leibhéal 2 na torthaí foghlama a bhaint amach i dtimpeallacht oibre struchtúrtha agus an méid tacaíochta acu lena bhfuil gá ag gach scoláire.

Tar éis gach modúl a chur i gcrích, déanann an múinteoir breithiúnas gairmiúil tomhaiste ar an leibhéal gnóthachtála agus na critéir mheasúnaithe seo a leanas á n-úsáid:

**Gnóthaithe**

- Léirigh an scoláire rannpháirteachas leis an bhfoghlaim ar a ndéantar cur síos sa mhodúl.
- Léirigh an scoláire gur féidir leo cuid den fhoghlaim ar a ndéantar cur síos sa mhodúl a chur i bhfeidhm.

**Gnóthaithe le Tuillteanas**

- Léirigh an scoláire inniúlacht san fhoghlaim ar a ndéantar cur síos sa mhodúl.
- Léirigh an scoláire gur féidir leo an fhoghlaim ar a ndéantar cur síos sa mhodúl a chur i bhfeidhm ar bhealach neamhspleách éiritheach.

# Athbhreithniú ar Mheasúnú agus Foghlaim

Úsáidtear nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta chun tacú le bailíochtú, cothroime agus trédhearcacht i measúnuithe. Do Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, cuirfear na nósanna imeachta sin chun feidhme trí bhailíochtú inmheánach agus seachtrach.

## Bailíochtú Inmheánach

Is próiseas é bailíochtú inmheánach a thacaíonn le múinteoirí ailíniú a bhaint amach idir breithiúnas ar leibhéal gnóthachtála an scoláire agus na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo mar atá leagtha amach sna Tuairiscí Gnóthachtála agus a gcritéir mheasúnaithe, agus a dhearbhaíonn do pháirtithe leasmhara go bhfuil aitheantas cuí á thabhairt do ghnóthachtálacha na scoláirí.

Tá trí chéim i gceist leis an bpróiseas bailíochtaithe inmheánaigh:

- Pleanáil agus ullmhú
- Tuairisceoirí gnóthachtála sealadacha a shocrú
- Cruinniú athbhreithnithe

### Pleanáil agus ullmhú

Tugtar faoi phleanáil agus ullmhú sula dtosaítear na modúil leis na scoláirí. Pléann na múinteoirí ábhartha na torthaí foghlama, faigheann siad cur amach ar na critéir mheasúnaithe agus tagann siad ar chomhaontú maidir leis na cineálacha fianaise atá le bailiú agus le hathbhreithniú.

Tacaíonn an Contanam Dul chun Cinn (féach Aguisín 2, lgh.13-14) le múinteoirí measúnú leanúnach a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire agus cuireann sé bonn eolais faoin bpleanáil, teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú.

Is féidir fianaise atá le cur isteach i bpunann an scoláire a bhailiú agus a thiomsú ar feadh an chláir foghlama dhá bhliain. Is éard atá i gceist leis an bpunann bailiúchán d'fhianaise lena ngabhtar foghlaim an scoláire, agus gnóthachtáil torthaí foghlama ar an mbealach is fearr, ar fud na modúl uile faoinar thug an scoláire. Le gach píosa fianaise a áirítear sa phunann, ba cheart gnóthachtáil foghlama na scoláirí a leagtar amach i dtorthaí foghlama an mhodúil ábhartha a léiriú go soiléir.

## Tuairisceoir gnóthachtála sealadach a chur i bhfeidhm

Is é is cuspóir don chéim seo go cuimhneoidh an múinteoir/na múinteoirí atá freagrach as an modúl a theagasc ar Phunann an Scoláire agus go sannfaidh siad tuairisceoir gnóthachtála sealadach do gach modúl.

Chun ullmhú le tuairisceoir gnóthachtála sealadach a shocrú, roghnaíonn agus eagraíonn múinteoirí na píosaí fianaise lena léirítear, ar an mbealach is fearr, foghlaim an scoláire don mhodúl nó do na modúil ar a bhfuil measúnú á dhéanamh.

Le píosa fianaise laistigh den phunann sin is féidir gnóthachtáil a léiriú i níos mó ná modúl amháin, lena léirítear cineál comhtháite Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2. Úsáideann múinteoirí na Critéir Mheasúnaithe chun tacú lena mbreithiúnas gairmiúil tomhaiste agus athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfianaise. Bunaithe ar an athbhreithniú sin, sanntar Tuairisceoir Gnóthachtála sealadach do gach modúl.

Tá an neamhspleáchas ag múinteoirí agus scoileanna a chinneadh cathain agus conas ba mhaith leo an chéim seo den phróiseas a phleanáil agus a eagrú, rud a fhéadfaidh tarlú uair sa téarma, nó mar shraith cruinnithe ar feadh na bliana acadúla de réir mar a chuirtear modúil i gcrích, nó i ndeireadh an chláir dhá bhliain.

Ba cheart do scoileanna agus múinteoirí cóip chrua/taifead ar líne den tuairisceoir gnóthachtála sealadach a choinneáil le haghaidh gach modúil.

## Cruinniú athbhreithnithe

Tá sé de chuspóir ag an gcruinniú athbhreithnithe machnamh a dhéanamh ar na tuairisceoirí gnóthachtála sealadacha do mhodúil ar tugadh fúthu laistigh de phunann scoláire agus teacht ar chomhaontú maidir le tuairisceoir gnóthachtála deiridh. Tacaíonn sé sin le múinteoirí comhsheasmhacht a bhaint amach i gcomhar lena chéile ina mbreithiúnais ar obair scoláirí bunaithe ar chritéir mheasúnaithe. Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair na scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Cuireann sé ar a gcumas do mhúinteoirí a mbreithiúnas a ailíniú leis na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo mar atá leagtha amach sna Tuairisceoirí Gnóthachtála agus a gcritéir mheasúnaithe, agus comhsheasmhacht a bhaint amach ina mbreithiúnais.

Is iad cuspóirí na gcruinnithe athbhreithnithe ná:

- Tacú le múinteoirí comhsheasmhacht níos fearr a bhaint amach maidir le conas a thugann siad breithiúnas ar obair an scoláire
- A chinntiú go mbeidh na breithiúnais ag teacht leis na caighdeáin a bhfuil súil leo
- A athdhearbhú do thuismitheoirí, caomhnóirí agus daoine eile go bhfuil gnóthachtálacha scoláirí á n-aithint go cuí.

Le linn an chruinnithe, scrúdaíonn na múinteoirí punann an scoláire, pléann siad cé chomh maith a thagann an fhianaise leis na critéir mheasúnaithe, agus déanann siad machnamh ar an Tuairisceoir Gnóthachtála sealadach a bronnadh.

Tá cruinnithe athbhreithnithe ar mheasúnú ina gcuid thábhachtach de thacú le measúnuithe laistigh den scoil. Cuidíonn siad leis na múinteoirí teacht ar chomhaontú maidir le conas breithiúnas a dhéanamh ar obair an scoláire agus na critéir mheasúnaithe á n-úsáid.
Trí labhairt faoin bhfianaise i ngach punann, faigheann múinteoirí tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus na hionchais. Ba cheart do scoileanna cóip chrua/taifead ar líne de chruinnithe Athbhreithnithe a choinneáil.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh cruinniú idirscoile ina chuidiú do mhúinteoirí chun tuairisceoirí gnóthachtála sealadacha a mheas, mar shampla, i gcás ina mbeadh líon an-íseal scoláirí ag tabhairt faoi na Cláir Foghlama i scoil ar leith.

## Ról an mhúinteora comhordúcháin

Is é an múinteoir atá freagrach as an gcruinniú athbhreithnithe a chomhordú a bhíonn i gceannas ar an gcruinniú agus a choimeádann taifead ar na cinntí a rinneadh, rud a úsáidtear chun tuarascáil an chruinnithe a ghiniúint.  Ba cheart don scoil tuarascáil ar an gcruinniú a choinneáil. Moltar go gcloífeadh an cruinniú leis an sceideal ginearálta seo:

- Mínítear go bhfuil sé de chuspóir ag an gcruinniú tacú le comhsheasmhacht breithiúnais a bhaint amach maidir leis an bhfianaise a chuirtear i láthair i bpunann an scoláire agus comhthuiscint a fhorbairt maidir le cáilíocht fhoghlaim an scoláire.
- Iarrtar ar mhúinteoir sampla a thabhairt isteach ó phunann an scoláire dá bhfuil measúnú Gnóthaithe tugtha acu.
- Tar éis réamhrá gairid an mhúinteora, stiúrann an múinteoir comhordúcháin plé ginearálta ar an méid a thagann obair an scoláire leis na Critéir Mheasúnaithe ábhartha
- Féadfaidh an múinteoir comhordúcháin tagairt a dhéanamh do shamplaí d'obair an scoláire ó phunann an scoláire ar a ndearna múinteoirí eile sa ghrúpa measúnú agus ar ar bhronn siad an tuairisceoir sin
- Ba cheart díriú i gcónaí i rith na gcruinnithe athbhreithnithe nuair atá breithiúnais á ndearbhú ar chur chuige 'na rogha is oiriúnaí' a chuireann ar chumas na múinteoirí machnamh a dhéanamh ar an tuairisceoir is fearr a oireann 'ar an iomlán' don obair atá á meas.
- Más féidir, ba cheart dhá shampla ar a laghad a phlé le haghaidh gach tuairisceora agus ba cheart don mhúinteoir comhordúcháin a chinntiú go bpléifear ceann amháin ar a laghad de shamplaí gach múinteora i rith an chruinnithe.
- Athdhéantar an próiseas, dá réir sin, agus déantar measúnú ar Phunanna samplacha an Scoláire mar a bheith Gnóthaithe agus Gnóthaithe le Tuillteanas. I ndeireadh an chruinnithe, déanann an múinteoir comhordúcháin achoimre ghairid ar na príomhphointí ón bplé.

Is den tábhacht go dtugann na múinteoirí dá n-aire impleachtaí na gcinntí a rinneadh le linn an chruinnithe don chuid eile den fhianaise a bailíodh i bpunann an scoláire ar a bhfuil measúnú déanta acu cheana, go háirithe i gcás tuairisceoirí inarb amhlaidh nach raibh a mbreithiúnas ag ailíniú le tuairim fhormhór na múinteoirí ag an gcruinniú.

Tar éis an chruinnithe, déanfaidh gach múinteoir machnamh ar an measúnú ar phunann an scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, i gcás ina meastar gur gá, déanfaidh siad na coigeartuithe cuí ar a dtuairisceoirí sealadacha.

Tar éis an chruinnithe athbhreithnithe, cuireann an múinteoir comhordúcháin a dtuarascáil ón gcruinniú faoi bhráid phríomhoide na scoile, ag díriú ar thorthaí an phlé ar phunann an scoláire ag an gcruinniú.

## Conas a thacaíonn an múinteoir leis an bpróiseas bailíochtaithe inmheánaigh

Tacaíonn an múinteoir leis an bpróiseas bailíochtaithe inmheánaigh ach:

- Cur amach a fháil ar na torthaí foghlama
- Cur amach a fháil ar na critéir mheasúnaithe
- Cinneadh a dhéanamh maidir leis na cineálacha fianaise atá le bailiú agus le hathbhreithniú
- Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus modhanna measúnaithe chun fianaise ar fhoghlaim na dtorthaí foghlama beartaithe a bhailiú
- Tacú leis an scoláire chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú agus a choinneáil i bPunann an Scoláire
- Deiseanna a sholáthar do scoláirí chun fianaise chuí ar fhoghlaim a ghiniúint
- Measúnú agus breithiúnas a dhéanamh ar fhianaise an scoláire in aghaidh na gcritéar measúnaithe
- An Tuairisceoir Gnóthachtála sealadach a chur i bhfeidhm
- Cloí agus plé leis na nósanna imeachta bailíochtaithe inmheánaigh.
- An toradh a thaifeadadh
- A chinntiú go gcoinneofar an doiciméadú ábhartha uile go cuí agus go gcuirfear ar fáil é chun críocha bailíochtaithe mar is cuí.

## Conas a thacaíonn an scoil leis an bpróiseas bailíochtaithe inmheánaigh

Tacaíonn an scoil leis an bpróiseas bailíochtaithe inmheánaigh ach:

- A chinntiú go ndéanfar Treoirlínte CNCM chun tacú leis an measúnú ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de chuid na Sraithe Sinsearaí a sholáthar do na múinteoirí ábhartha
- Tacú leis na múinteoirí ábhartha na tuairisceoirí gnóthachtála a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadadh
- Punanna an scoláire a choinneáil, lena n-áirítear taifid agus píosaí oibre, mar is cuí, chun críocha bailíochtaithe ar bhealach slán sábháilte

- An treoir don phróiseas bailíochtaithe inmheánaigh a leagtar amach sa cháipéis seo a chur i bhfeidhm
- A chinntiú go gcoinneofar an doiciméadú ábhartha uile go cuí agus go gcuirfear ar fáil é chun críocha inmheánacha agus seachtracha mar is cuí.

## Bailíochtú Seachtrach

Beidh CSS ar an gcomhlacht dámhachtana chun críocha teistiúcháin agus is é a chuirfidh ról an bhailíochtaithe sheachtraigh i gcrích. Cinnteoidh CSS go dtabharfar faoi mheasúnú inmheánach ar phunann na scoláirí ar bhealach atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de. Mar chuid den bhailíochtú seachtrach, áirítear cur chuige samplabhunaithe arbh é a bheadh i gceist leis sin athbhreithniú ar rogha de phunanna an scoláire. Gheobhaidh scoláirí a gcáilíocht le haghaidh gach réimse curaclaim/modúil faoina dtugtar tar éis an phróisis bailíochtaithe sheachtraigh.

Éileofar ar scoileanna a ghlacann páirt i gCláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de chuid na Sraithe Sinsearaí faisnéis a chur faoi bhráid CSS maidir leis na modúil ar thug gach scoláire fúthu agus a leibhéal gnóthachtála i ngach modúl.  Maidir leis na nósanna imeachta ábhartha chun an fhaisnéis sin a chur isteach, leagfaidh CSS amach do na scoileanna iad.

Mar chuid den phróiseas bailíochtaithe sheachtraigh, éileofar ar na scoileanna iad féin a chur ar fáil chun go dtabharfaidh foireann CSS cuairt orthu, agus beidh fonn ar an bhfoireann sin breathnú ar dhoiciméadú scoile lena dtacaítear leis na próisis measúnaithe inmheánaigh agus bailíochtaithe inmheánaigh, lena n-áirítear miontuairiscí nó tuarascálacha cruinnithe bailíochtaithe inmheánaigh.  Beidh sé de mhian ar fhoireann CSS freisin breathnú ar phunanna an scoláire agus ar an bhfianaise ar fhoghlaim agus gnóthachtáil a úsáideadh sa mheasúnú don teistiúchán, cibé acu trí chuairt ar an scoil nó ar shlí eile.

# Aguisín 1: Sonraíochtaí

Is éard atá i gceist le Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de chuid na sraithe sinsearaí raon réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Soláthraítear sonraíocht ar leithligh do gach réimse curaclaim agus dá mhodúil ghaolmhara. I gcás gach modúil, mar chuid den tsonraíocht áirítear torthaí foghlama lena ndéantar cur síos ar an eolas, ar na scileanna, ar na luachanna agus ar na meonta ar chóir go mbeadh na scoláirí in ann a léiriú tar éis an modúl a chur i gcrích.

## Leibhéal 1

### Réimsí Curaclaim

Cumarsáid agus Litearthacht Leibhéal 1

Uimhearthacht Leibhéal 1

Cúram Pearsanta Leibhéal 1

### Modúil Roghnacha

Corpoideachas Leibhéal 1

Amharc-ealaín Leibhéal 1

Drámaíocht Leibhéal 1

Aire a thabhairt do mo Thimpeallacht Leibhéal 1

## Leibhéal 2

### Réimsí Curaclaim

Cumarsáid agus Litearthacht Leibhéal 2

Uimhearthacht Leibhéal 2

Cúram Pearsanta Leibhéal 2

### Modúil Roghnacha

Cócaireacht Leibhéal 2

Drámaíocht Leibhéal 2

Amharc-ealaín Leibhéal 2

Litríocht Leibhéal 2

Corpoideachas Leibhéal 2

Aire a thabhairt do mo Thimpeallacht Leibhéal 2

Mo Shaol, M'Airgeadas Leibhéal 2

## Aguisín 2: Contanam Dul chun Cinn do mheasúnú leanúnach

Ar feadh an timthrialla dhá bhliain, úsáideann múinteoirí measúnú foirmitheach ina n-oideolaíocht idirdhealaithe agus sa phleanáil a dhéanann siad ar cheachtanna chun a chinntiú go mbeidh dul chun cinn á dhéanamh ag gach scoláire i gcomhréir lena bpróifíl foghlama ar leith. Soláthraítear Contanam Dul chun Cinn do Leibhéal 1 agus Contanam Dul Chun Cinn do Leibhéal 2 i Ráiteas Cláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de chuid na Sraithe Sinsearaí. Féadfar an measúnú leanúnach sin ar dhul chun cinn an scoláire a threorú agus Contanam Dul chun Cinn á úsáid. Leis an gcontanam dul chun cinn tacaítear le measúnú foirmitheach ach creat a sholáthar ar ina aghaidh is féidir meastóireacht a dhéanamh ar ghnóthachtáil scoláire ar bhealach fiúntach agus forbarthach. Ina theannta sin, is féidir an Contanam Dul chun Cinn a úsáid mar mhodh aiseolais do thuismitheoirí agus scoláirí araon i ndáil le dul chun cinn agus foghlaim scoláire.

Le measúnú foirmitheach, cuidítear leis an áit a bhfuil scoláire ar an gcontanam sin faoi láthair a shainaithint. Leis an gcontanam, déantar eolas do phleanáil, idirdhealú, cuir chuige maidir le teagasc agus foghlaim agus tuairisciú. Leis an gcontanam dul chun cinn, soláthraítear bealach struchtúrtha chun meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fhoghlaim scoláire ag príomhphointí ama chun críocha measúnaithe shuimithigh.

Leis na táblaí ar an gcontanam dul chun cinn, léirítear an áit a bhfuil dul chun cinn scoláire i ndáil leis na torthaí foghlama. Is féidir an contanam dul chun cinn a úsáid chun tacú leis an teagasc, foghlaim agus measúnú leanúnach i ngníomhaíochtaí laethúla an scoláire.

Leis an gContanam Dul chun Cinn do CFL1 agus CFL2, tacaítear le múinteoirí a shainaithint an bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an scoláire ar fud na dtorthaí foghlama agus na modúl agus cén méid dul chun cinn atá á dhéanamh acu. D'fhéadfadh níos mó ama a bheith i gceist leis an ngluaiseacht laistigh den chontanam dul chun cinn agus d'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht sa dul chun cinn, ag brath ar láidreachtaí agus riachtanais an scoláire. Chun go bhféadfar dul chun cinn a dhéanamh ar rátaí difriúla, ní bhítear ag súil leis go mbainfeadh scoláirí torthaí amach go hiomlán faoi phointe ama réamhshocraithe

### Contanam Dul chun Cinn Leibhéal 1

| | |
|---|---|
| Freastal | Freastalaíonn an scoláire ar an ngníomhaíocht nó ar an imeacht foghlama agus bíonn siad i láthair aici nó aige |
| Aitheantas | Léiríonn an scoláire go bhfuil siad feasach ar an ngníomhaíocht nó ar an imeacht foghlama nó go n-aithníonn siad í nó é<br><br>lena n-áirítear fócas tapa |
| Aird | Tugann an scoláire aird ar an ngníomhaíocht nó ar an imeacht foghlama ach is féidir léi a bheith neamhleanúnach agus gairid, go minic |
| Buíochas | Tosaíonn an scoláire ag freagairt do, nó ag aithint, na gníomhaíochta/an imeachta foghlama, ar bhonn neamhleanúnach go minic, agus tagann an fhreagairt le cumas an scoláire |

| | |
|---|---|
| Rannpháirteachas | Tugann an scoláire aird ar ghníomhaíochtaí/imeachtaí foghlama ar bhonn níos seasmhaí |
| Rannpháirtíocht | Tosaíonn an scoláire ag roinnt, ag glacadh sealanna, ag léiriú sásaimh sa ghníomhaíocht/imeacht foghlama, ag cur rogha in iúl |
| Dúil | Tosaíonn an scoláire ar bheith ag dúil le gníomhaíochtaí nó imeachtaí foghlama ar a bhfuil cur amach acu |
| Gníomh | Glacann an scoláire páirt, déanann siad comharthaí, déanann siad guthaíocht i dtaca le gníomhaíocht foghlama agus le rudaí eile, ar bhealach atá cuí maidir le bealach cumarsáide an scoláire |

*Tábla 2 Contanam Dul chun Cinn Leibhéal 1*

D'fhéadfadh an scoláire dul chun cinn a léiriú trí:

- leibhéil níos airde taitnimh a bhaint as an ngníomhaíocht
- úsáid níos mó a bhaint as na céadfaí; ó chéadfaí atá in aice láimhe, ar nós na gcéadfaí tadhlaí, go céadfaí níos faide amach amhail na céadfaí amhairc nó éisteachta
- ó ghluaiseacht, mar shampla, comharthaíocht cholainne, a úsáid níos mó go húsáid a bhaint as íomhánna.

Is féidir dul chun cinn a léiriú trí ghluaiseacht freisin. Is féidir leis na scoláirí dul chun cinn a dhéanamh ó chur i gcoinne a léiriú trí ghluaiseacht go sult a bhaint as a gcuid idirghníomhuithe, amhail:

- laghdú ar idirghabháil, tacaíocht nó treisiú
- nuair a léiríonn an scoláire an ghnóthachtáil níos mó ná uair amháin
- nuair a thugann scoláire scileanna le chéile nó nuair a úsáideann siad scileanna ar fud comhthéacsanna nó nuair a bheartaíonn an scoláire gan freagairt, cé gur fhreagair siad roimhe sin, is comhartha ann féin é sin den dul chun cinn

## Contanam Dul chun Cinn Leibhéal 2

| | |
|---|---|
| Rannpháirtíocht | Tá an scoláire ag céim shealbhaithe ina bhfuil siad ag tosú ar bheith ag plé leis na torthaí foghlama |
| Ardrannpháirtíocht | Trí athdhéanamh agus tacaíocht, is féidir leis an scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach |
| Cumas | Is féidir leis an scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach go neamhspleách roinnt uaireanta |
| Ardchumas | Tá an scoláire ag coinneáil a leibhéil gnóthachtála |

| | |
|---|---|
| | leis na torthaí foghlama. Is féidir leo na torthaí foghlama a bhaint amach tar éis sosa nó athraithe |
| Inniúlacht | Is féidir le scoláirí a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna agus cásanna difriúla, le spreagthaigh agus daoine difriúla |
| Ardinniúlacht | Cuirfidh an scoláire a gcuid foghlama a eascraíonn as torthaí foghlama in oiriúint chun tuiscint a fháil nó fadhbanna a réiteach i gcomhthéacsanna nó cásanna nua |

*Tábla 3 Contanam Dul chun Cinn Leibhéal 2*

# Aguisín 3: Gluais téarmaí

## Gníomhaíochtaí Measúnaithe

Is éard atá i gceist le gníomhaíochtaí measúnaithe scáth-théarma le haghaidh tascanna, cleachtaí, modhanna nó gníomhaíochtaí as a mbaineann múinteoirí úsáid chun go mbaileofar fianaise ar fhoghlaim, scileanna, dul chun cinn agus gnóthachtáil toraidh foghlama scoláire. Nuair a bhaineann siad le punann gnóthachtála scoláire a bhailiú, fónann gníomhaíochtaí measúnaithe mar an fhoinse fianaise a chuirtear isteach sa phunann sin. Is féidir le gníomhaíochtaí measúnaithe a bheith struchtúrtha nó teagmhasach

## Critéir Mheasúnaithe

Is ionann na Critéir Mheasúnaithe agus na critéir trína ndéantar measúnú ar obair an scoláire. Baineann múinteoirí úsáid as Critéir Mheasúnaithe chun Tuairisceoir Gnóthachtála foriomlán an scoláire a chinneadh.

## Tuairisceoir Gnóthachtála

Do gach modúl Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 faoina dtugtar, bronnfar teistiúchán i gClár Foghlama Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 sa tsraith shinsearach don scoláire ag ceann amháin as dhá cheann de na Tuairisceoirí Gnóthachtála.

## Measúnú Foirmitheach

Beidh measúnú de chineál foirmitheach i gcás ina mbeidh sé mar chuid de phróiseas teagaisc leanúnach ina ndearbhaíonn múinteoirí leibhéal scoláirí chun eolas a dhéanamh don teagasc. Tagraítear do mheasúnú foirmitheach mar mheasúnú le haghaidh foghlama uaireanta.

## Punann

Is éard atá sa phunann bailiúchán oibre lena léirítear dul chun cinn, foghlaim, iarracht agus gnóthachtáil scoláire ar fud rannpháirteachas dhá bhliain an scoláire sa tsraith shinsearach. Cuirtear i láthair léi réimse gníomhaíochtaí measúnaithe chun teacht ar dhearadh iomlánaíoch i leith fhoghlaim agus ghnóthachtáil an scoláire.

## Measúnú suimitheach

Laistigh den chomhthéacs sin, le measúnú suimitheach tagraítear do mheasúnú a dhéanamh ar fhoghlaim agus gnóthachtáil scoláire i ndeireadh a rannpháirteachais dhá bhliain le Clár Foghlama Leibhéal 1 nó Clár Foghlama Leibhéal 2. Is éard atá i gceist leis ‘achoimre a dhéanamh ar’ ghnóthachtálacha scoláirí.

# Aguisín 4: Naisc Úsáideacha

**Naisc**
Curaclam ar Líne

Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Ráiteas Cláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Ciorclán 0065/2025 Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment